# Mara Duit...

**Pleanáil Teanga**
*Chloich Cheann Fhaola*

*Nuachtlitir ó Choiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola* **Iúil 2021**

## San Eagrán seo...


- Cad atá ar siúl leis an phlean le déanaí?
  *What's been going on lately?*
- Cén dóigh is féidir leatsa páirt a ghlacadh?
  *How can you take part?*
- Eolas faoi na tacaíochtaí ar fáil do ghnólachtaí
  *Info on the supports available to businesses*


## Is linne ar fad an teanga!

Tá an t-ádh orainn i gCloich Cheann Fhaola gur pobal dátheangach atá ionainn, agus go bhfuil an rogha againn ár saol a chaitheamh trí Bhéarla, Gaeilge, nó meascán den dá theanga!

Má tá tú ag iarraidh Gaeilge a úsáid níos mó, feabhas a chur ar do chuid Gaeilge, nó cuidiú leis an teanga a chur chun cinn, tar i dteagmháil linn am ar bith!

*We're very fortunite here in Cloughaneely that we are a bilingual community, and that we have the choice to live our lives in English, Irish, or a mixture of both!*

*If you want to speak more Irish, learn more Irish, or help promote the language, get in touch with us anytime!*


**www.ptccf.com**
**087 227 0722**
**cptccf@gmail.com**


## Tacaíochtaí do Ghnólachtaí

Mar chuid den phlean teanga, cuireann muid na seirbhísí seo ar fáil do ghnólachtaí áitiúla:

- **Comharthaíocht Ghaeilge / Dátheangach**
  *Tacaíocht le comharthaíocht nua sa Ghaeilge a fháil.*
- **Cúrsaí praiticiúil Gaeilge don saol oibre**
  *Cúrsa 10-seisiún a dhíríonn ar scileanna cainte a bheadh úsáideach le custaiméirí agus comhoibrithe.*
- **Seirbhísí aistriúcháin/profála**
  *Tacaíocht le téacsanna atá le foilsiú a chur ar fáil sa Ghaeilge*

## Supports for Businesses

As part of the language planning process, we offer the following sevices to local businesses:

- **Irish Language / bilingual Signage**
  *Supports to get new signage in Irish for your business*
- **Practical language course for the workplace**
  *A 10-session course focused on spoken skills useful for interacting with customers and co-workers*
- **Translation/Proof-reading sevices**
  *Supports to translate/proof-read texts to be published*

**Tuilleadh eolais/More info: www.ptccf.com**

## Scoláireachtaí Ollscoile
### University Scholarships

Tá 3 scoláireachtaí ollscoile de luach €1,800 á dtairiscint againn do dhaltaí na Pobalscoile atá ag iarraidh Gaeilge a dhéanamh san ollscoil in 2021-22

*We are offering 3 university scholarships worth €1,800 each to students of the Community School who want to study Irish in college in 2021-22*

## Comharthaíocht COVID-19
### COVID-19 Signage

Tá comharthaí a bhaineann leis na srianta COVID-19 curtha ar fáil againn do na gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla. Bígí ag faire amach fána gcoinne!

*We've provided signage related to the COVID-19 restrictions to local businesses and organisations. Keep an eye out for them!*

## #SeoíanGhaeltacht
### Awareness Campaign

Bhí an pobal páirteach san fheachtas #SeoíanGhaeltacht i lár mhí Meithimh leis an íomhá de Chloich Cheann Fhaola mar cheantar Gaeltachta a neartú agus ár mbród a roinnt leis an domhan mór!

*The community took part in the #SeoíanGhaeltacht campaign in mid-June to strengthen Cloughaneely's image as a Gaeltacht and to share our local pride with the world!*

## Tuismitheoirí na Gaeltachta
### Gaeltacht Parents

Tá muid ag obair le cinntiú go bhfuil na seirbhísí atá á n-iarraidh ó thuismitheoirí á gcur ar fáil de réir suirbhé a rinne *Tuismitheoirí na Gaeltachta* le déanaí. Tá leathanach nua á fhorbairt le heolas do thuismitheoirí ar ár suíomh idirlín (www.ptccf.com).

*We're working to ensure services that parents need are being provided based on the survey carried out by* Tuismitheoirí na Gaeltachta *recently. There's a new page being developed with info for parents on our website (www.ptccf.com).*

**Pleanáil Teanga**
Chloich Cheann Fhaola

## Ranganna Gaeilge ⁊ Ciorcail Chomhrá
### Irish classes & conversation circles

Bíonn ranganna Gaeilge agus ciorcail chomhrá ar siúl sa tSean Bheairic agus clúdaíonn muid costas na gcúrsaí do mhuintir na háite a thugann fúthu.

*An tSean Bheairic runs Irish language classes and conversation circles and we cover the costs of these for the people of the community who undertake them.*

## Gaelchara 2021
### The *Gaelchara* scheme

Tá an scéim *Gaelchara* fós faoi lánseol agus tá na cainteoirí líofa agus na foghlaimeoirí fós ag teacht le chéile le rudaí spraíúil sóisialta a dhéanamh trí Ghaeilge.

*The* Gaelchara *scheme is ongoing and the learners and fluent speakers continue to meet up regularly to do fun and social activities through Irish.*

## Tacaíocht do Thionscadail Áitiúla
### Supporting Local Projects

Tá muid ag tabhairt tacaíochta do thionscadail áitiúla (m.sh. *Deireadh Seachtaine Oidhreachta Cholmcoille* agus *Taispeántas Ealaíne Cathal McGinley*) a chuireann teanga agus oidhreacht na háite chun cinn.

*We provide support to local projects (e.g.* Deireadh Seachtaine Oidhreachta Cholmcoille *and* Taispeántas Ealaíne Cathal McGinley*) that promote the language and heritage of the area .*

## Suíomh Idirlín ⁊ Méain Shóisialta
### Our Website & Social Media

Roinneann muid eolas faoi dheiseanna agus faoi imeachaí ar na meáin shóisialta go rialta. Tá muid ag cur feabhas ar ár suíomh idirlín fosta ionas go bhfuil eolas agus acmhainní ar fáil go furasta d'achan duine!

*We share info about opportunities and events on our social media regularly. We're developing our website so that info and resources are available to everyone easily!*